

PEADAR Ó MÁILLE AGUS FEAR NA MBÉICEADHACH.

Bhí Peadar Ó Máille, Seán Ó hAllmhuráin agus Liam Mac Ceanraigh in a bhfir óga, ina seagh, d'airigh siad Fear na mBéiceadhach a' luighe ar an talamh i bhfoisgeacht dhá chéad slat nó níos goire dhófa, ab fhactas dóibh. Dubhairt siad go ngabhfaidís go bhfeicfidís céard a bhí ann. D'imthigh an triúr le deifir mhór go bhfeicfidís é. Is mó an deifir a bhí ortha ag teacht ar ais. Níor innsigh siad d'aonduine ariamh céard a chonnaic siad nó d'airigh siad ach ní dheachaidh siad ar a thóir aríst.

27/10/37